# An Naoú Tuarascáil Bhliantúil
de chuid
Chathaoirleach an Phainéil Bhreithnithe um Chonarthaí Foirgníochta,

An tUasal Bernard Gogarty,

chuig

An tUasal Alan Dillon T.D

An tAire Stáit d'Fhostaíocht, Gnóthais Bheaga agus Miondíol

**Clár ábhair** **Leathanach**

1. Réamhrá ..........3

2. Achtú agus tosach feidhme an Achta um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 ..........3

3. Achoimre ar na príomhfhorálacha den Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 ..........3

4. Iarratais faoi alt 6(4) den Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 ..........6

5. Tuairisceáin sonraí staidrimh ó Bhreithneoirí ..........8

6. Breithiúnais na hArd-Chúirte ..........15

7. Barúil agus Conclúidí an Chathaoirligh ..........16

Aguisín 1 - Comhaltaí den Phainéal Breithnithe um Chonarthaí Foirgníochta ..........18

Aguisín 2 - Liosta ginearálta de ghnólachtaí agus de dhaoine aonair a thionscain éilimh faoin Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 i mbliain 9 ..........19

Aguisín 3 - Breithiúnais na hArd-Chúirte i ndáil leis an Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013..........20

**An Naoú Tuarascáil Bhliantúil**

**de chuid Chathaoirleach an Phainéil Bhreithnithe um Chonarthaí Foirgníochta ó cuireadh tús leis an Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013**

## 1. Réamhrá

**1.1** Cuimsíonn an ról atá agam mar Chathaoirleach an Phainéil Breithnithe um Chonarthaí Foirgníochta ceanglas tuairisc a thabhairt go bliantúil don Aire Stáit sa Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta, atá freagrach as an Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013.

**1.2** Is é seo a leanas an Naoú Tuarascáil Bhliantúil ón tráth a cuireadh tús leis an Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013, a chlúdaíonn an tréimhse ón 26 Iúil 2024 go dtí an 25 Iúil 2025.

## 2. Achtú agus tosach feidhme an Achta um Chonarthaí Foirgníochta, 2013

**2.1** Tháinig an tAcht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 i bhfeidhm maidir le conarthaí áirithe foirgníochta a dhéanfar tar éis an 25 Iúil 2016 i gcomhréir leis an ‘Ordú um an Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 (An Lá Ceaptha) 2016’ (Ionstraim Reachtúil Uimh. 165 de 2016).

## 3. Achoimre ar na príomhfhorálacha den Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013

**3.1** Is é cuspóir an Achta um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 íocaíochtaí a rialú faoi chonradh foirgníochta a chuimsítear faoin Acht. Baineann sé le conarthaí i scríbhinn agus ó bhéal araon. Tá conarthaí áirithe díolmhaithe faoin Acht. Áirítear leis na díolúintí sin conradh nach mó a luach ná €10,000; conradh Comhpháirtíochta Príobháideach Poiblí; agus conradh le haghaidh teaghaise a bhfuil achar urláir nach mó ná 200 méadar cearnach, sa chás ina bhfuil duine de na páirtithe sa chonradh ina n-áit chónaithe nó ina ndéanann siad cinneadh í a áitiú mar áit chónaithe.

**3.2** Déantar foráil leis an Acht maidir le cearta agus oibleagáidí nua dlíthiúla ar na páirtithe le conradh foirgníochta ábhartha. Forchuirtear leis an reachtaíocht forálacha conarthacha íosta maidir le híocaíochtaí, go háirithe maidir le huainiú na n-íocaíochtaí, agus ní fhéadfaidh páirtithe i gconradh foirgníochta ábhartha tarraingt siar as forálacha an Achta. Toirmisctear leis an Acht freisin an cleachtas ‘íoc nuair a íoctar’, foráil i gconradh foirgníochta ina bhforáiltear go bhfuil íocaíocht méide atá dlite faoin gconradh, nó uainiú íocaíochta den sórt sin, coinníollach ar íocaíocht a dhéanamh trí dhuine nach páirtí sa chonradh foirgníochta é/í, cé is moite den chás ina éiríonn tríú páirtí i gconradh a bheith dócmhainneach.

**3.3** Áireofar an méid seo a leanas i gconradh foirgníochta a chumhdaítear leis an Acht:

(i) méid gach íocaíochta eatramhaí agus deiridh nó sásra leordhóthanach chun na méideanna sin a chinneadh;

(ii) an dáta éilimh íocaíochta le haghaidh gach méid atá dlite nó sásra leordhóthanach chun na dátaí sin a chinneadh; agus

(iii) an tréimhse idir an dáta éilimh ar íocaíocht agus an dáta ar a bhfuil an méid dlite.

**3.4** Mura bhfuil na téarmaí atá leagtha amach in alt 3.3 thuas san áireamh mar chuid de phríomhchonradh foirgníochta, beidh feidhm ag na dátaí éilimh íocaíochta seo a leanas maidir leis an gconradh:

(i) 30 lá tar éis an dáta a cuireadh tús leis an gconradh foirgníochta;

(ii) 30 lá tar éis an dáta éilimh ar íocaíocht dá dtagraítear in (i) thuas agus gach 30 lá ina dhiaidh sin suas go dtí an dáta críochnaithe substaintiúil; agus

(iii) 30 lá tar éis an dáta críochnaithe deiridh.

Ina theannta sin, ní bheidh an dáta a mbeidh íocaíocht dlite i ndáil le méid arna éileamh faoin gconradh tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis dháta an éilimh íocaíochta.

**3.5** Déantar foráil san Acht maidir le cosaintí reachtúla tábhachtacha le haghaidh fochonraitheoirí i dtionscal na foirgníochta. Ní mór go n-áireoidh fochonarthaí na dátaí éilimh ar íocaíocht seo a leanas ar a laghad:

(i) 30 lá tar éis an dáta a cuireadh tús leis an gconradh foirgníochta;

(ii) 30 lá tar éis an dáta éilimh ar íocaíocht dá dtagraítear in (i) thuas agus gach 30 lá ina dhiaidh sin suas go dtí an dáta críochnaithe substaintiúil; agus

(iii) 30 lá tar éis an dáta críochnaithe deiridh.

Ní bheidh an dáta a mbeidh íocaíocht dlite i ndáil le méid arna éileamh faoin bhfochonradh tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis dháta an éilimh íocaíochta.

**3.6** Ceanglaítear leis an Acht ar Pháirtí Forghníomhaithe (príomhchonraitheoir nó fochonraitheoir atá ag déanamh na hoibre faoin gconradh) fógra éilimh íocaíochta a sheachadadh don Pháirtí Eile (nó do dhuine a shonraítear faoin gconradh tógála atá ag gníomhú thar ceann an Pháirtí Eile), tráth nach déanaí ná 5 lá tar éis an dáta éilimh íocaíochta ábhartha.

**3.7** Má chuireann an páirtí Eile sin i gcoinne an méid a éilíonn an páirtí forghníomhaitheach dlite agus iníoctha, ceanglaítear ar an bPáirtí Eile freagra a thabhairt don pháirtí Forghníomhaithe, tráth nach déanaí ná 21 lá tar éis dháta an éilimh íocaíochta ina leagtar amach na nithe seo a leanas:

(a) an chúis/na cúiseanna leis an gconspóid faoin méid a d'éiligh an páirtí Forghníomhaithe san fhógra éilimh ar íocaíocht, lena n-áirítear aon éileamh ar chaillteanas nó ar dhamáiste a thagann chun cinn as sárú líomhnaithe ar aon oibleagáid chonarthach nó eile de chuid an pháirtí Fhorghníomhaithe; agus

(b) an méid, más ann dó, a bheartaítear a íoc leis an bpáirtí Forghníomhaithe agus an bonn leis an gcaoi a ríomhtar an méid sin.

**3.8** I gcás éileamh íocaíochta a bhfuil conspóid leis, d'fhéadfadh na páirtithe sa chonradh foirgníochta a bheith in ann teacht ar chomhaontú maidir leis an méid a bheidh le híoc leis an bpáirtí Forghníomhaitheach. Mar sin féin, mura dtagtar ar chomhaontú den sórt sin faoin dáta dlite íocaíochta, ceanglaítear ar an bPáirtí Eile an méid, más ann dó, a mhol an Páirtí Eile a íoc leis an bpáirtí Forghníomhaithe ina fhreagra ar an éileamh íocaíochta a bhfuil conspóid leis. Déanfar an íocaíocht seo faoin dáta dlite íocaíochta de réir Alt 4(3)(b) den Acht.

**3.9** Sonraítear in Alt 5 den Acht, mura n-íocann an Páirtí Eile aon mhéid atá dlite faoi chonradh foirgníochta ina iomláine faoin dáta dlite íocaíochta, féadfaidh an páirtí forghníomhaitheach obair faoin gconradh foirgníochta a chur ar fionraí trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don Pháirtí Eile.

**3.10** Soláthraítear san Acht freisin an ceart do pháirtí i gconradh tógála, mar atá sainmhínithe faoi Alt 1 den Acht, díospóid íocaíochta a tharchur lena breithniú mar mhodh chun an díospóid sin a réiteach. Samhlaítear san Acht go dtabharfar breithiúnas i gcrích laistigh d'fhráma ama gearr, i.e., 28 lá ó dháta atreoraithe na díospóide chuig Breithneoir. Féadfar síneadh a bheith leis an tréimhse seo i gcúinsí áirithe.

**3.11** Más rud é nach féidir leis na páirtithe i gconradh foirgníochta teacht ar chomhaontú maidir leis an té atá le ceapadh mar Bhreithneoir, d'fhéadfadh páirtí iarratas a dhéanamh liomsa, i mo cháil mar Chathaoirleach ar an bPainéal Breithneoirí atá ceaptha ag an Aire, chun ceapachán Breithneora a lorg. Tá liosta iomlán chomhaltaí den Phainéal Breithnithe um Chonarthaí Foirgníochta in Aguisín 1.

**3.12** Tá tuilleadh faisnéise mionsonraithe ar an Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Fiontar, Turasóireacht agus Fostaíochta, ar www.enterprise.gov.ie/ga/.

## 4. Iarratais faoi alt 6(4) den Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013

**4.1** Ceanglaítear orm Breithneoir a shannadh ón bPainéal Breithneoirí atá ceaptha ag an Aire tar éis iarratas a rinneadh faoi alt 6(4) den Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 a chomhlíonann alt 15 den '*Chód Cleachtais a Rialaíonn Iompar Breithnithe*'.


**4.2** Is iondúil go gceapaim Breithneoir laistigh de sheacht lá tar éis iarratas scríofa a fháil, ach amháin má theastaíonn tuilleadh faisnéise ón iarratasóir a bhaineann le cineál na díospóide, de réir alt 16 den Chód Cleachtais.

**4.3** Le linn na tréimhse a chlúdaítear sa Tuarascáil Bhliantúil seo, bhí 85 iarratas ag iarraidh Breithneoir a cheapadh faighte ag Seirbhís Breithnithe um Chonarthaí Foirgníochta na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, a sholáthraíonn an tacaíocht riaracháin riachtanach dom agus iarratais den sórt sin á bpróiseáil.

**4.4** Rinne mé 79 ceapachán Breithneora faoi alt 6(4) den Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 as na 85 iarratas. Tarraingíodh siar ceithre iarratas sular ceapadh Breithneoir agus measadh freisin nach raibh dhá iarratas ag cloí leis an reachtaíocht/na ceanglais iarratais atá leagtha amach sa '*Chód Cleachtais a Rialaíonn Iompar Breithnithe'*. Cuireadh ceithre cinn de na sé iarratas sin isteach arís an dara huair agus cheap mé Breithneoir i ngach cás[1]. Tá na ceapacháin sin san áireamh sa líon ceapachán dá dtagraítear níos luaithe.


**4.5** Soláthraítear i bhFíor 1 faisnéis ar líon na n-iarratas agus ar líon na gceapachán Breithneora a rinneadh faoi alt 6(4) den Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 i ngach ceann de na cúig bliana seo caite ag tosú ó mhí Iúil 2020 agus ag críochnú i mí Iúil 2025.

**4.6** I mbliain 9, rinneadh an dara líon ab airde iarratas agus ceapachán Breithneoirí faoi alt 6(4) den Acht ó cuireadh tús leis i mí Iúil 2016.




[1] Bhí trí iarratas ar leith mar thoradh ar chás amháin a tarraingíodh siar agus cheap mé an Breithneoir céanna ar na trí iarratas.

**4.7** Soláthraítear i bhFíor 2 faisnéis ar luach iomlán na ndíospóidí íocaíochta ar ceapadh Breithneoirí chucu faoi alt 6(4) den Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 i ngach ceann de na cúig bliana seo caite ag tosú ó mhí Iúil 2020 agus ag críochnú i mí Iúil 2025 (gan luach aon chásanna a athiontráiltear an dara huair a áireamh). Is é an comhluach iomlán sna cúig bliana seo caite ná €223.7 milliún.



## 5. Tuairisceáin sonraí staidrimh ó Bhreithneoirí

**5.1** Tá ceanglais leagtha amach sa *'Chód Cleachtais a Rialaíonn Iompar Breithnithe'* do Bhreithneoirí chun faisnéis a sholáthar don tSeirbhís Breithnithe um Chonarthaí Foirgníochta tar éis ceapacháin (alt 12); tar éis éirí as oifig (alt 30); agus ar thorthaí na gcásanna breithnithe (alt 39), chun críche sonraí staidrimh gan ainm a thiomsú ar fheidhmiú an Achta.


**5.2** Soláthraítear sa chuid seo den tuarascáil faisnéis mhionsonraithe ar thorthaí na gcásanna breithnithe, ar chuir na Breithneoirí ceaptha faisnéis gan ainm ar fáil ina leith. Le linn na tréimhse atá clúdaithe sa Tuarascáil Bhliantúil seo, fuair an tSeirbhís Breithnithe um Chonarthaí Foirgníochta 59 tuairisceán sonraí ó na Breithneoirí. Toisc go bhfuil na sonraí a fuarthas ar na cásanna sin gan ainm, ba chóir a thabhairt faoi deara nach mbaineann an fhaisnéis atá leagtha amach sa chuid seo den tuarascáil go heisiach le cásanna inar cheap mise an Breithneoir faoi alt 6(4) den Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013.

**5.3** Tá príomhcháilíocht ghairmiúil na mBreithneoirí sna 59 cás sin leagtha amach i dTábla 1 agus tá príomhshuíomhanna na ndíospóidí íocaíochta liostaithe de réir contae i dTábla 2.

| **Tábla 1<br>Príomhcháilíocht Ghairmiúil an Bhreithneora** | |
|---|---|
| Suirbhéir Cainníochta | 22 |
| Ailtire | 14 |
| Comhalta d'Institiúid Chairte na nEadránaithe | 9 |
| Aturnae | 7 |
| Abhcóide | 6 |
| Innealtóir | 1 |
| **Iomlán** | 59 |


| **Tábla 2<br>Príomhshuíomhanna Láithreáin Díospóidí Íocaíochta de réir Contae** | |
|---|---|
| Baile Átha Cliath | 31 |
| Corcaigh | 6 |
| Gaillimh | 4 |
| An Mhí | 4 |
| Loch Garman | 4 |
| Cill Dara | 2 |
| Cill Chainnigh | 2 |
| Tiobraid Árann | 2 |
| An Cabhán | 1 |
| Laois | 1 |
| Maigh Eo | 1 |
| Uíbh Fhailí | 1 |
| **Iomlán** | 59 |

**5.4** Leagtar amach i bhFíor 3 thíos catagóirí na bpáirtithe atá faoi dhíospóid sna 59 cás a thuairiscigh na Breithneoirí. Bhain an chatagóir is coitianta de pháirtithe faoi dhíospóid le Fochonraitheoir a raibh díospóid ann le Príomhchonraitheoir (26 cás), agus ba é an Fochonraitheoir a rinne an tarchur. Bhain an dara catagóir ab airde (13 cás) le Príomhchonraitheoir agus Fostóir (Eile). Ciallaíonn an chatagóir 'Fostóir (Eile)' go bhfuil an páirtí conarthach sin san earnáil phríobháideach.





**5.5** Soláthraítear in Aguisín 2 liosta ginearálta de na gnólachtaí agus de roinnt daoine aonair a thionscain éilimh ar íocaíocht faoin Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 i mbliain 9 (ar a dtugtar 'Páirtí atreoraithe').


**5.6** Soláthraítear i bhFíor 4 faisnéis ar chineál na ndíospóidí sna 59 cás sin. Bhain an líon ab airde díospóidí le díospóidí íocaíochta deiridh (35 cás). Bhí 4 chás ann ar cuireadh síos orthu mar dhíospóidí 'Íocaíochta Eile'. Cuireadh síos ar na díospóidí sin mar seo a leanas: caillteanas agus costas le haghaidh moille; damáistí i leith caillteanas brabúis; neamhchomhlíonadh táillí conartha agus gairmiúla.





**5.7** Soláthraítear i bhFíor 5 faisnéis ar an méid atá faoi dhíospóid idir na páirtithe sna 59 cás. Ba é an méid ba choitianta faoi dhíospóid ná suimeanna sa raon €100,001 go €500,000 (18 gcás).



**5.8** Soláthraítear i bhFíor 6 faisnéis ar stádas na 59 cás tar éis Breithneoir a cheapadh. Ar an iomlán eisíodh 37 cinneadh Breithneoirí.





**5.9** Soláthraítear i bhFíor 7 faisnéis ar thoradh 37 cinneadh Breithneoirí. D'éirigh leis an bpáirtí Atreoraithe in 26 cás (70% de na cásanna), rinneadh cinneadh roinnte idir na páirtithe in 7 gcás (19% de chásanna) agus d'éirigh leis an bpáirtí ba Fhreagróir in 4 chás (11% de chásanna).




**5.10** Soláthraítear i dTábla 3 sonraí ar na rátaí ratha do na páirtithe a eascraíonn as cinntí an Bhreithneora mar atá leagtha amach sa Tuarascáil Bhliantúil seo agus sna ceithre Thuarascáil Bhliantúla roimhe seo. San iomlán, tuairiscíodh 232 cinneadh Breithneora le linn na tréimhse sin. D'éirigh leis an bpáirtí Atreoraithe in 59% de na héilimh, d'éirigh leis an bpáirtí is Freagróir in 18% de na héilimh agus rinneadh breith scoilte in 23% de na héilimh le cúig bliana anuas.

| **Tábla 3<br>Cinntí Breithneora - rátaí ratha do na páirtithe** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Tuarascáil Bhliantúil** | **D'éirigh leis an bPáirtí Atreoraithe** | **D'éirigh leis an bPáirtí is Freagróir** | **Breith roinnte** | **Líon na gCinntí Breithneora** |
| An Naoú Tuarascáil Bhliantúil | 26 (70%) | 4 (11%) | 7 (19%) | 37 |
| An tOchtú Tuarascáil Bhliantúil | 37 (50%) | 21 (28%) | 16 (22%) | 74 |
| An Seachtú Tuarascáil Bhliantúil | 30 (66%) | 6 (13%) | 9 (20%) | 45 |
| An Séú Tuarascáil Bhliantúil | 24 (66%) | 4 (11%) | 8 (22%) | 36 |
| An Cúigiú Tuarascáil Bhliantúil | 20 (50%) | 6 (15%) | 14 (35%) | 40 |
| Iomlán | 137 (59%) | 41 (18%) | 54 (23%) | 232 |


**5.11** Soláthraítear i bhFíor 8 faisnéis faoi ar na dámhachtainí airgeadaíochta a rinne na Breithneoirí i mbliain 9 in 32 de na 37 cinneadh Breithneora. Ní raibh aon dámhachtainí airgeadaíochta sna 5 chás eile mar gur éirigh leis an bpáirtí ba Fhreagróir in 4 cinn de na cásanna sin agus gur cinneadh gan dámhachtain airgeadaíochta a bhí mar thoradh ar bhreith scoilte amháin. Ba é an líon ab airde dámhachtainí a bhain leis ná idir €100,001 - €500,000 (13 chás).





**5.12** Soláthraítear i bhFíor 9 faisnéis ar an amscála a ghlacann na Breithneoirí chun a gcinntí a eisiúint chuig na páirtithe. Eisíodh 16 chinneadh laistigh de 42 lá ón dáta ar atreoraíodh an díospóid íocaíochta chuig Breithneoir, eisíodh 13 chinneadh laistigh de 28 lá agus eisíodh 8 gcinneadh eile tar éis tréimhse ní b’fhaide ná na 42 lá, tar éis chomhaontú na bpáirtithe a bhí baint acu leis na cásanna sin, dá bhforáiltear in alt 6 den Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 (‘Amscála eile’).



**5.13** Éilítear sa '*Chód Cleachtais a Rialaíonn Iompar Breithnithe*' gur cheart go mbeadh na táillí a ghearrann Breithneoirí "réasúnta mar luach ag féachaint don mhéid atá faoi dhíospóid, castacht na díospóide, an t-am a chaith an Breithneoir" ar an díospóid agus imthosca ábhartha eile. Soláthraítear i bhFíor 10 faisnéis ar na táillí in aghaidh na huaire a ghearr na Breithneoirí sna 44 as 59 cás a tuairiscíodh. Bhí 15 chás ann nár gearradh aon táillí iontu mar gur socraíodh na cásanna nó nár leanadh ar aghaidh leo ar chúis éigin eile. Ba iad na táillí in aghaidh na huaire ba choitianta a gearradh sa raon €251 go €300 (15 chás) agus idir €301 agus €350 (11 chás).




**5.14** Soláthraítear i bhFíor 11 na táillí iomlána a ghearr na Breithneoirí in 44 cás de na 59 cás a tuairiscíodh. B'ionann an líon ab airde cásanna agus táillí a gearradh idir €5,000 agus €9,999 (14 chás), agus ina dhiaidh sin idir €20,000 agus €24,999 (8 gcás). Mar a thagraítear dó i mír 5.13, bhí 15 chás ann nár gearradh aon táillí iontu.



## 6. Breithiúnais na hArd-Chúirte

**6.1** Leathnaíodh Rialacha na nUaschúirteanna chun foráil a ionchorprú chun cinntí ó Bhreithneoirí a fhorfheidhmiú ag an Ard-Chúirt faoin Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 – 'Rialacha na nUaschúirteanna (An tAcht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013), 2016' (Ionstraim Reachtúil Uimh. 450 de 2016). Soláthraítear in Aguisín 3 liosta de Bhreithiúnais na hArd-Chúirte i ndáil leis an Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013.

**6.2** D'eisigh an Ard-Chúirt dhá bhreithiúnas le déanaí maidir leis an Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013. Is iad na cásanna sin ná *Tenderbids Ltd ag trádáil mar Bastion agus Electrical Waste Management Ltd* [2025] IEHC 139 agus *Connaughton agus Timber Frame Projects Limited ag trádáil mar Timber Frame Ireland* [2025] IEHC 469. Bhain an dá chás le hiarratais chun cinneadh Breithneora a fhorfheidhmiú.

**6.3** I gcás *Tenderbids Ltd ag trádáil mar Bastion agus Electrical Waste Management Ltd,* diúltaíodh don iarratas ar chead chun dámhachtain an Bhreithneora a fhorfheidhmiú toisc nár seachadadh an fógra go raibh ar intinn tarchur chuig an mbreithniú ar an mbealach a comhaontaíodh idir na páirtithe faoi théarmaí sainráite an chonartha foirgníochta. Ba é iarmhairt dhlíthiúil na teipe sin nár tarchuireadh an díospóid íocaíochta go bailí riamh chuig an mbreithniú.

**6.4** I gcás *Connaughton agus Timber Frame Projects Limited ag trádáil mar Timber Frame Ireland,* diúltaíodh don iarratas ar chead chun dámhachtain an Bhreithneora a fhorfheidhmiú toisc nár bhain an díospóid, a measadh a bheith tarchurtha chuig an mbreithniú, le híocaíocht dár foráladh faoin gconradh foirgníochta. Ní raibh aon chlásal faoin gconradh foirgníochta idir na páirtithe a rinne foráil maidir le híocaíocht leis an bhfostóir i gcás foirceannadh mídhleathach ag an gconraitheoir. Dá bhrí sin, ní raibh dlínse ag an mBreithneoir faoin Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 i ndáil leis an díospóid agus ní fhéadfadh cinneadh an Bhreithneora a bheith ina ábhar d'ordú forfheidhmithe faoi alt 6(11) den Acht.

## 7. Barúil agus Conclúidí an Chathaoirligh

**7.1** Tá 79 Breithneoir ceaptha agam faoi alt 6(4) den Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 ar dhíospóidí íocaíochta a bhfuil luach iomlán beagnach €31.5 milliún comhcheangailte (gan luach aon chásanna a athiontráiltear an dara huair a áireamh) leo sa tréimhse atá clúdaithe ag an Tuarascáil Bhliantúil seo. Tá líon na n-iarratas agus líon na gceapachán Breithneora a rinneadh faoi alt 6(4) den Acht i mbliain 9 ar an dara líon is airde ó cuireadh tús leis an reachtaíocht i mí Iúil 2016.

**7.2** Le cúig bliana anuas, ceapadh Breithneoirí ar dhíospóidí íocaíochta faoi alt 6(4) den Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 ar luach iomlán beagnach €224 milliún comhcheangailte, a léiríonn leas na reachtaíochta d'Earnáil na Foirgníochta.

**7.3** Cé go raibh Fochonraitheoir/Príomhchonraitheoir agus Príomhchonraitheoir/Fostóir páirteach i bhformhór na ndíospóidí íocaíochta a tuairiscíodh i mbliain 9, deimhnítear i bhFíor 3 go leanann páirtithe eile ar aghaidh ag saothrú a n-éileamh faoin reachtaíocht freisin. D'éirigh nó d'éirigh go páirteach leis an bpáirtí Atreoraithe in 33 ceann de na 37 cinneadh Breithneora a tuairiscíodh i mbliain 9, ráta ratha 70%. Tríd is tríd, sna cúig bliana roimhe sin, d'éirigh nó d'éirigh go páirteach leis an bpáirtí Atreoraithe in 82% de na 232 cinneadh Breithneora a tuairiscíodh.

**7.4** D'fhonn tionchar na reachtaíochta a léiriú i dtuarascáil bhliantúil na bliana seo, cuirtear liosta ar fáil, ag Aguisín 2, de na cineálacha gnólachtaí a thionscain éilimh chun sásamh a lorg i leith neamhíocaíochta nó tearcíocaíochta faoin Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 i mbliain 9. Ina theannta sin, thionscain roinnt daoine aonair éilimh faoin reachtaíocht freisin.

**7.5** Cé go bhfuil tuairisc tugtha agam ar na sonraí a soláthraíodh i gcúinsí inar roghnaigh Breithneoirí sonraí den sórt sin a sholáthar, ní féidir a rá go cinntitheach go gcuimsítear leis sin gach cás breithnithe a tugadh chun críche faoin Acht le bliain anuas. Beidh breithnithe breise déanta freisin de bhun an Achta, i gcás inar chomhaontaigh na páirtithe ar an mBreithneoir a cheapadh gan dul i muinín na Seirbhíse Breithnithe um Chonarthaí Foirgníochta, agus nár tugadh staitisticí don tSeirbhís ina leith. Ina theannta sin, tuigtear ó fhianaise starógach, go réitítear go leor saincheisteanna íocaíochta mar gheall ar bhreithniú reachtúil a bheith ar fáil agus an rún sainráite dul ar aghaidh le cás gan an gá dul ar aghaidh chuig an mbreithniú.

**7.6** Le dhá Bhreithiúnas na hArd-Chúirte i gcásanna *Tenderbids Ltd ag trádáil mar Bastion agus Electrical Waste Management Ltd* agus *Connaughton agus Timber Frame Projects Limited ag trádáil mar Timber Frame Ireland*, leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le páirtithe a gconradh foirgníochta a sheiceáil lena chinntiú go gcomhlíonann aon éileamh atá á chur chun cinn faoin Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 forálacha an chonartha maidir le haon éileamh den sórt sin.

**7.7** Tá sé tábhachtach freisin go gcloífeadh Fostóirí, Príomhchonraitheoirí agus Fochonraitheoirí lena n-oibleagáidí atá leagtha amach san Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013. Ba mhaith liom a chur in iúl freisin, má tá páirtí i gconradh foirgníochta, mar atá sainmhínithe san Acht, ag smaoineamh ar dhíospóid íocaíochta a tharchur chuig an mbreithniú, gur cheart go gcloífí le gach nós imeachta cuí a éilítear faoin Acht agus faoin *'gCód Cleachtais a Rialaíonn Iompar Breithnithe'*.

**7.8** Is mian liom bás comhalta mór le rá den Phainéal Breithnithe um Chonarthaí Foirgníochta, an tUasal Ciaran Fahy, a thaifeadadh. Suaimhneas síoraí dá anam. Bhí Ciaran ina chomhalta den Phainéal ó bunaíodh é i mí na Nollag 2015, agus is mór an chailliúint é dá chlann, a chairde agus a chomhghleacaithe.

**7.9** D'éirigh an tUasal Peter Aeberli as a phost ar an bPainéal i mí Lúnasa 2025 ar chúiseanna gnó pearsanta. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis as a sheirbhís ar an bPainéal.

**7.10** Thionóil mé Fóram do chomhaltaí den Phainéal i mí an Mheithimh 2025, le tacaíocht ón tSeirbhís Breithnithe um Chonarthaí Foirgníochta de chuid na Roinne Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta. D'éascaigh an Fóram pléití ar roinnt ábhar a bhaineann leis an bpróiseas breithnithe faoin Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013.

**7.11** Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le comhaltaí den Phainéal a ghlac le ceapacháin Bhreithneora faoi Alt 6(4) den Acht, go minic ar ghearrfhógra. Ina theannta sin, gabhaim buíochas le foireann na Seirbhíse Breithnithe um Chonarthaí Foirgníochta as a dtacaíocht riaracháin a thug siad dom i mo ról mar Chathaoirleach ar an bPainéal.

An tUasal Bernard Gogarty,
Cathaoirleach.
Meán Fómhair 2025

## Aguisín 1

## Comhaltaí den Phainéal Breithnithe um Chonarthaí Foirgníochta

Tá an tUas. Bernard Gogarty ina chomhalta agus ina Chathaoirleach ar an bPainéal.

An tUas. Joe Behan

An tUas. Kevin Brady

An tUas. James Bridgeman

An tUas. Jonathan Cope

An tUas. Dermot Durack

Siobhan Fahey Uas

Orla Fitzgerald Uas

An tUas. John Thomas Gibbons

An tUas. James Golden

An tUas. Conor Hogan

An tUas. John Hughes

An tUas. Jarlath Kearney

An tUas. Keith Kelliher

An tUas. Conor Kelly

An tUas. Damien Keogh

Karen Killoran Uas

An tUas. Niall Lawless

An Dr John Derek Layng Ross

An tUas. Niall Meagher

An tUas. Matthew Molloy

An tUas. Gerard Monaghan

An tUas. James O'Donoghue

An tUas. Denis O'Driscoll

An tUas. Sean O'Flaherty

Niav O'Higgins Uas

An tUas. David O'Leary

An tUas. Peter Eugene O'Malley

An tUas. Gerard O'Sullivan

An tUas. Edward James Quigg

An tUas. Martin Waldron

An tUas. Peter Walshe

## Aguisín 2

| Liosta ginearálta na ngnólachtaí agus roinnt daoine aonair a thionscain éilimh ar íocaíocht faoin Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013<br>Bliain 9 | |
|---|---|
| Oibreacha Leictreacha | Tógálaí |
| Conraitheoir Modúlach | Fothaí |
| Tirimlíneáil | Príomhchonraitheoir Foirgníochta |
| Gnólacht Seandálaithe | Fothaí |
| Conraitheoir Meicniúil & Leictreach | Innealtóireacht Shibhialta |
| Conraitheoir oibre cruach, dín agus cumhdra | Conraitheoir Leictreach |
| Conraitheoir Ginearálta | Príomhchonraitheoir |
| Príomhchonraitheoir | Fochonraitheoir maisiúcháin |
| Caomhnú | Úinéir Réadmhaoine |
| Bainisteoir Tionscadail / Ailtire | Príomhchonraitheoir |
| Sainchomhairleoireacht Ailtireachta | Úinéir Réadmhaoine |
| Leictreach | Scafall |
| Tógálaí | Fothaí |
| Sainchomhairleoireacht Suirbhéara | Cuideachta foirgníochta |
| Cainníochta | Príomhchonraitheoir |
| Oibrí talún | Meicniúil & Leictreach agus Ginearálta |
| Oibrí talún | Baint aispeiste |
| Conraitheoir fóntas | Oibrí talún |
| Príomhchonraitheoir | Fochonraitheoir plástrála |
| Conraitheoir Foirgníochta | Príomhchonraitheoir |
| Oibrithe talún | Fochonraitheoir Spiaraí agus Síleálacha |
| Conraitheoir Feistithe | Bainistiú Dramhaíola |
| Conraitheoir Píleála | Soláthar Saothair |
| Leictreoir | Fochonraitheoir dormánta téastair & dín chothroim |
| Ailtireacht | Oibrí talún |
| Foirgníocht Ginearálta | Tógálaí |
| Conraitheoir Oibreacha Talún | Cuideachta Teicneolaíochta Aghaidhe |
| Fochonraitheoir Leictreach | Seirbhísí Leictreacha |
| Príomhchonraitheoir | Struchtúrach Sibhialta |
| Ailtire | |

# Aguisín 3

## Breithiúnais na hArd-Chúirte i ndáil leis an Acht Conarthaí Foirgníochta, 2013

**2025**

- *Connaughton-v-Timber Frame Projects Limited ag trádáil mar Timber Frame Ireland* [2025] IEHC 469

- *Tenderbids Ltd ag trádáil mar Bastion-v-Electrical Waste Management Ltd* [2025] IEHC 339 (breithiúnas forlíontach ar chostais dlí)

- *Tenderbids Ltd ag trádáil mar Bastion-v-Electrical Waste Management Ltd* [2025] IEHC 139

**2024**

- *Finnegan Contracts Limited-v-Killycard Developments Limited* [2024] IEHC 752

- *McGill Construction Limited-v-Blue Whisp Limited* [2024] IEHC 205

**2023**

- *K&J Townmore Construction Limited-v-Damien Keogh agus Deslend (Mechanical) Limited T/A COBEC Engineering Group* [2023] IEHC 509

- *DNCF Limited-v-Genus Homes Limited* [2023] IEHC 490

- *McGurran Civils RoI Limited-v-K&J Townmore Construction Limited* [2023] IEHC 355

**2022**

- *John Paul Construction Limited-v-Tipperary Co-Operative Creamery Limited* [2022] IEHC 3

**2021**

- *Aakon Construction Services Limited-v-Pure Fitout Associated Limited* [2021] IEHC 619 (Foirm an Ordaithe)

- *Principal Construction Limited-v-Beneavin Contractors Limited* [2021] IEHC 578

- *Kevin O'Donovan agus Coiste Chontae Chorcaí den CLG-v-Nael G. Bunni agus James Bridgeman agus OCS One Complete Solution Limited* [2021] IEHC 575

- *Aakon Construction Services Limited-v-Pure Fitout Associated Limited* [2021] IEHC 562

- *Gravity Construction Limited-v-Total Highway Maintenance Limited* [2021] IEHC 19.

**2020**

- *Kevin O'Donovan agus Coiste Chontae Chorcaí den CLG-v-Nael G. Bunni agus James Bridgeman agus OCS One Complete Solution Limited* [2020] IEHC 623